



RÁTHAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

Ráthaíocht dhlíthiúil dhá bhliain ar a laghad le haghaidh earraí a dhíoltar san Aontas Eorpach.

Is féidir le tomhaltóirí a gcearta a éileamh faoin
ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht, sna
cásanna seo a leanas, mar shampla:

- ✓ níl na hearraí ag teacht leis an gcur síos;
- ✓ níl na hearraí ag feidhmiú mar a bhí
beartaithe.

Tá díoltóirí faoi dhliteanas i leith aon easpa
comhréireachta a bhí ann nuair a seachadadh na
hearraí, agus a thagann chun solais laistigh de
thréimhse na ráthaíochta dlíthiúla. Ceanglaítear ar
dhíoltóirí i gcás den sórt sin an méid seo a leanas
a thairiscint:

- ✓ **deisiúchán saor in aisce** nó **athsholáthar
saor in aisce**;
- ✓ i gcásanna áirithe, **laghdú ar an bpraghas**
nó **aisíocaíocht iomlán**.

Tá tréimhse ráthaíochta
dlíthiúla níos faide ag roinnt
tíortha. I gcás earraí athláimhe,
féadfaidh feidhm a bheith
ag tréimhse níos giorra, ach
tréimhse nach lú ná bliain
amháin.

Chun tuilleadh eolais a fháil
faoi do chearta i dtír ar leith,
scan an cód QR thíos nó iarr
eolas ar an díoltóir.



europa.eu/youreurope/rathaiochtaí

Cad é a dhéanfaidh tú má fhaigheann tú earraí neamh-chomhréireacha:

- 1 Déan teagmháil leis an díoltóir a luaithe is féidir chun an fhadhb a thuairisciú;
- 2 Tabhair cruthúnas ar cheannach, amhail admháil, sonrasc, nó ráiteas bainc.

GARAN ✓

Féadfaidh díoltóirí agus táirgeoirí ráthaíochtaí tráchtála a
thairiscint freisin, a bhfuil feidhm acu go neamhspleách ar
an ráthaíocht dhlíthiúil. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go
bhfeicfeá an lipéad seo GARAN a léiríonn **an ráthaíocht
tráchtála um marthanacht** a thairgeann an táirgeoir gan
aon chostas breise agus a chumhdaíonn an t-earra ar fad.